Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

## COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE
## GALWAY COUNTY COUNCIL

### CUARBHÓTHAR N6 CHATHAIR NA GAILLIMHE 2018

### ACHT NA mBÓITHRE, 1993 (ARNA LEASÚ)

### AN tACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000 (ARNA LEASÚ)

### SONRAÍ BREISE SÍNITHEACHA Á gCUR FAOI BHRÁID AN BHOIRD PLEANÁLA (ar a dtugtar anois An Coimisiún Pleanála) AG COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE I nDÁIL LE hUIMHIR THAGARTHA DO CHÁS ABP-318220-23

De réir Alt 51 d'Acht na mBóithre 1993, arna leasú, rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe iarratas ar cheadú chuig An Bord Pleanála (an **"Bord"**) (ar a dtugtar anois An Coimisiún Pleanála (an **"Coimisiún"**)) ar an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe atá beartaithe.

Cuireadh Tuarascáil Measúnaithe Tionchair Timpeallachta (Tuarascáil MTT) agus Ráiteas Tionchair Natura (RTN) ar aghaidh mar chuid den iarratas seo.

De bhun Alt 217B(4)(a) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) (an **"tAcht 2000"**) ceanglaíodh ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe faisnéis bhreise áirithe a thabhairt don Bhord Pleanála agus thug Comhairle Chontae na Gaillimhe an fhaisnéis bhreise sin don Bhord an 14 Aibreán 2025 (an **"Fhaisnéis Bhreise"**).

Cuireadh Tuarascáil Measúnaithe Tionchair Timpeallachta nuashonraithe (Tuarascáil MTT nuashonraithe) agus Ráiteas Tionchair Natura nuashonraithe (RTN nuashonraithe) ar aghaidh mar chuid den Fhaisnéis Bhreise.

Tar éis don Bhord breithniú a dhéanamh go raibh sonraí suntasacha breise san Fhaisnéis Bhreise maidir leis na héifeachtaí is dócha a bheadh ag Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe atá beartaithe ar an gcomhshaol agus maidir leis na hiarmhairtí is dócha a bheadh ann do phleanáil chuí agus d'fhorbairt inbhuanaithe sa limistéar ina bhfuil sé beartaithe an forbairt bóithre sin a shuíomh, de réir alt 217B (7) d'Acht 2000, tugann Comhairle Chontae na Gaillimhe fógra leis seo: -

1. Féadfar an Fhaisnéis Bhreise a iniúchadh saor in aisce nó féadfar é a cheannach ar tháille shonraithe a íoc (ní mó a bheidh an táille sin ná an costas réasúnach atá ar chóip den sórt sin a dhéanamh) le linn uaireanta oscailte poiblí nó an tréimhse dar tús an 27 Meitheamh 2025 suas go dtí 1 Lúnasa 2025 (an dá lá san áireamh) ag na láithreacha seo a leanas:
   - Oifigí An Choimisiún Pleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1.
   - Oifigí Chomhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh.
   - Oifigí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, Halla na Cathrach, Bóthar an Choláiste, Gaillimh.
   - Leabharlann Chathair na Gaillimhe, Sráid San Aibhistín, Gaillimh.
   - Leabharlann an Taoibh Thiar, Bóthar Shéamais Uí Chuirc, Gaillimh.
   - Oifig Tionscadail Bóithre Náisiúnta na Gaillimhe (Comhairle Chontae na Gaillimhe), Teach Corparáideach, Páirc Ghnó Oirthear na Cathrach, Baile an Bhriotaigh, Gaillimh.
2. Is féidir an Fhaisnéis Bhreise a fheiceáil/a íoslódáil ar na suíomhanna gréasán seo a leanas:
   - Suíomh gréasáin An Choimisiún Pleanála ar www.pleanala.ie/ga-ie/case/318220
   - www.n6galwaycityringroad.ie
3. Is féidir aighneachtaí nó tuairimí maidir leis an bhFaisnéis Bhreise a dhéanamh i scríbhinn chuig An Coimisiún Pleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, ar an mbealach atá sonraithe thíos, go dtí tráth nach moille ná **5:30in an 1 Lúnasa 2025.**
4. Ní mór táille €50 a chur le haon aighneacht nó aon tuairim i ndáil leis an bhFaisnéis Bhreise (seachas comhlachtaí forordaithe faoi leith agus mar atá mionsonraithe thíos). Níl aon táille i gceist chun aighneacht a dhéanamh do na páirtithe/daoine aonair sin a bhfuil aighneacht bhailí scríofa déanta acu cheana féin chuig an mBord (ar a dtugtar anois An Coimisiún Pleanála) maidir leis an iarratas ar Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (Tagairt Cháis ABP-302848-18) agus/nó úinéirí talún nó daoine eile a bhfuil leas dlíthiúil acu i dtalamh i Scéim Bóithre faoi Chosaint Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe, 2018 agus/nó Scéim Mótarbhealaigh Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe, 2018.
5. Ní mór an fhaisnéis seo a leanas a bheith sna haighneachtaí/tuairimí freisin:
   (i) Ainm an duine atá ag déanamh na haighneachta/ag tabhairt na tuairime, ainm an duine atá ag gníomhú ar a shon nó a son, más ann dóibh, agus an seoladh ar chuige ba cheart aon chomhfhreagras a bhaineann leis an iarratas a sheoladh.
   (ii) Ábhar na haighneachta nó na tuairime, agus
   (iii) Na cúiseanna, na ceisteanna agus na hargóintí iomlána ar a bhfuil an aighneacht nó an tuairim bunaithe.
6. Ní féidir leis an Coimisiún breithniú a dhéanamh ar aon aighneachtaí nó tuairimí nach gcomhlíonann na ceanglais thuas.
7. Más mian le duine ceist a chur faoin bhFaisnéis Bhreise, is leis an mBrainse maidir le Bonneagair Straitéisigh sa gCoimisiún Pleanála is ceart an fiosrúchán sin a dhéanamh (Teil: 01 8588100).
8. Féadfaidh duine bailíocht aon chinneadh de chuid an Choimisiúin a cheistiú trí iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú breithiúnach i gcomhréir le Rialacha na nUaschúirteanna (agus le hOrdú 84 de Rialacha na nUaschúirteanna I.R. Uimh. 15 de 1986, arna leasú) agus de réir alt 50, 50A agus 50B den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000.
9. Is féidir eolas praiticiúil faoi phróiseas an athbhreithniúcháin a cheadú faoin gceannteideal 'Fógra faoi Athbhreithniú Breithiúnach' ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin (www.pleanala.ie/ga-ie/judicial-review-notice) nó ar shuíomh gréasáin (www.citizensinformation.ie) ag an tSeirbhís um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

**Dáta: 27 Meitheamh 2025.**

## COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE
## GALWAY COUNTY COUNCIL

### N6 GALWAY CITY RING ROAD 2018

### ROADS ACT 1993 (AS AMENDED)

### PLANNING AND DEVELOPMENT ACT 2000 (AS AMENDED)

### THE SUBMISSION BY GALWAY COUNTY COUNCIL TO AN BORD PLEANÁLA (now called An Coimisiún Pleanála) OF SIGNIFICANT ADDITIONAL DATA IN RELATION TO CASE REFERENCE NUMBER ABP-318220-23

In accordance with Section 51 of the Roads Act 1993, as amended, Galway County Council made an application for approval to An Bord Pleanála (the **"Board"**) (now called An Coimisiún Pleanála (the **"Commission"**)) on the 23rd October, 2018 in relation to the proposed N6 Galway City Ring Road.

An Environmental Impact Assessment Report (EIAR) and a Natura Impact Statement (NIS) were submitted as part of this application.

Pursuant to section 217B(4)(a) of the Planning and Development Act 2000, (as amended) (the **"2000 Act"**) An Bord Pleanála required Galway County Council to furnish to the Board certain further information and this further information was furnished to the Board by Galway County Council on 14 April 2025 (the **"Further Information"**).

An updated Environmental Impact Assessment Report (updated EIAR) and an updated Natura Impact Statement (updated NIS) were submitted as part of this Further Information.

Following consideration by the Board that the Further Information contained significant additional data relating to the likely effects on the environment of the proposed N6 Galway City Ring Road and the likely consequences for proper planning and sustainable development in the area in which it is proposed to situate the said road development, in accordance with section 217B(7) of the 2000 Act Galway County Council hereby gives notice that: -

1. The Further Information may be inspected free of charge or purchased on payment of a specified fee (which fee shall not exceed the reasonable cost of making such copy) during public opening hours for the period commencing on the 27th June 2025 up to 1st August 2025 (both days inclusive) at the following locations:
   - The Offices of An Coimisiún Pleanála, 64 Marlborough Street, Dublin 1.
   - The Offices of Galway County Council, Áras an Chontae, Prospect Hill, Galway.
   - The Offices of Galway City Council, City Hall, College Road, Galway.
   - Galway City Centre Library, St. Augustine Street, Galway.
   - Westside Library, Seamus Quirke Road, Galway.
   - Galway National Roads Project Office (Galway County Council), Corporate House, City East Business Park, Ballybrit, Galway.
2. The Further Information may also be viewed/downloaded on the following website links:
   - An Coimisiún Pleanála's website at www.pleanala.ie/en-ie/case/318220
   - www.n6galwaycityringroad.ie
3. Submissions or observations in relation to the Further Information may be made in writing to An Coimisiún Pleanála, 64 Marlborough Street, Dublin 1, in the manner detailed below, no later than **5:30pm on the 1st August 2025.**
4. Any submissions or observations in relation to the Further Information must be accompanied by a fee of €50 (except for certain prescribed bodies and as further detailed below). No fee is required to make a submission for those parties/individuals who have already made a valid written submission to the Board (now called An Coimisiún Pleanála) regarding the application for the N6 Galway City Ring Road (Case Reference ABP-302848-18) and/or landowners or others with a legal interest in land in the N6 Galway City Ring Road Protected Road Scheme 2018 and/or the N6 Galway City Ring Road Motorway Scheme 2018.
5. Such submissions/observations must also include the following information:
   (i) The name of the person making the submission or observation, the name of the person acting on his or her behalf, if any, and the address to which any correspondence relating to the application should be sent.
   (ii) The subject matter of the submission or observation, and
   (iii) The reasons, considerations and arguments on which the submission or observation is based in full.
6. Any submissions or observations which do not comply with the above requirements cannot be considered by the Commission.
7. Any enquiries relating to the Further Information should be directed to the Strategic Infrastructure Section of An Coimisiún Pleanála (Tel: 01 8588100).
8. A person may question the validity of a decision by the Commission by way of an application for judicial review under the rules of the Superior Courts (and in particular Order 84 of the Rules of the Superior Courts contained in S.I. No. 15 of 1986, as amended) and in accordance with section 50, 50A, and 50B of the 2000 Act.
9. Practical information on the review mechanism can be accessed under the heading 'Judicial Review Notice' on the Commission's website (www.pleanala.ie/en-IE/Judicial-Review-Notice) or on the Citizens Information Service website (www.citizensinformation.ie).

**Date: 27 June 2025.**

**Tá míle fáilte roimh chomhfhreagras agus ghnó i nGaeilge: gaeilge@cocogaillimh.ie www.gaillimh.ie**

customerservices@galwaycoco.ie www.galway.ie @GalwayCoCo

*J. Brann, Rúnaí Contae*